RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1192 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2023

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú na gcoláistí réitigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh 600/2014, (AE) Uimh 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(7), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun rialachas aonchineálach réiteach CPLanna ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart do choláistí réitigh arna mbunú de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/23 a bheith ag brath ar thacar rialacha comhroinnte maidir le feidhmiú.

(2) Tá na coláistí réitigh le comhar a éascú i measc údaráis inniúla agus údaráis réitigh, go háirithe ag céimeanna ullmhúcháin an téarnaimh agus an réitigh, trí na húdaráis inniúla ábhartha uile, comhaltaí ábhartha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais, bainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí ábhartha de chuid an Aontais maidir leis na hionstraimí airgeadais a imréitítear, an aireacht ábhartha, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a chruinniú le chéile.

(3) Chun cinnteoireacht, próisis mhalartaithe faisnéise agus comhar éifeachtúil agus éifeachtach i measc na n-údarás a áirithiú, ba cheart na forálacha eagrúcháin is gá a áireamh i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn de chuid an choláiste réitigh. Go háirithe, ba cheart don choláiste réitigh aitheantas a thabhairt don ghá atá le fostruchtúir sholúbtha a bhunú laistigh den choláiste réitigh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus ba cheart dó a áirithiú go mbeidh comhaltaí in ann rannchuidiú ar bhealach iomchuí i ndáil le gníomhaíochtaí éagsúla an choláiste.

(4) Ba cheart na forálacha oibríochtúla is gá a áireamh freisin i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn de chuid an choláiste réitigh. Leis na forálacha oibríochtúla sin, ba cheart é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh a n-ionchur don choláiste maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a chomhordú, arb é an coláiste maoirseachta a chumhdaíonn oibriú laethúil an CPL. Thairis sin, leis na forálacha oibríochtúla sin, ba cheart cúram na n-údarás réitigh a éascú maidir leis an anailís, an breithniú agus an mheastóireacht a dhéantar ar an ionchur a fhaigheann siad ón gcoláiste maoirseachta a eagrú. Ba cheart, dá bhrí sin, próiseas cumarsáide idir an coláiste maoirseachta agus an coláiste réitigh a áireamh i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn.

(5) Chun stóinseacht an choláiste réitigh, éifeachtúlacht a phróiseas inmheánach agus comhordú éifeachtúil leis an gcoláiste maoirseachta a áirithiú, ba cheart don choláiste réitigh brath ar thacar rialacha oibríochtúla lena rialaítear feidhmiú chruinnithe an choláiste, an malartú faisnéise laistigh den choláiste réitigh agus na socruithe cumarsáide.

([1]) IO L 22, 22.1.2021, lch. 1

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

(6) Chun a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta oibríochta éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil, ba cheart d'údarás réitigh an CPL tástálacha iomchuí a dhéanamh ar ullmhacht an choláiste réitigh chun gníomhú agus freagairt a thabhairt i gcás den sórt sin.

(7) Tá gá le pleanáil thráthúil agus réadúil le haghaidh gach próiseas cinnteoireachta comhpháirtí chun a áirithiú go ndéanfar cinntí go rianúil agus go héifeachtúil. Ba cheart do gach údarás a bhfuil baint aige leis na próisis sin a rannchuidiú i ndáil leis an gcinneadh comhpháirteach faoi seach a sholáthar d'údarás réitigh an CPL ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil agus i gcomhréir leis na tráthchláir a comhaontaíodh le haghaidh an chinnidh chomhpháirtigh faoi seach.

(8) Is gá a áirithiú go ndéanfar cinntí comhpháirteacha go pras agus go tráthúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás cinntí maidir le réiteach, ach tá sé ábhartha freisin i ndáil le pleanáil réitigh agus measúnú ar inréiteacht. An tráth céanna, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na húdaráis atá rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta comhpháirtí a dtuairimí a chur in iúl. Ba cheart na céimeanna chun teacht ar aon chinneadh comhpháirteach a leagan amach, agus a aithint go bhféadfar cuid de na céimeanna sin a dhéanamh go comhthreomhar agus cuid eile go seicheamhach.

(9) Chun inchomparáideacht na bpróiseas agus na dtorthaí a áirithiú agus, dá bhrí sin, cóineasú a bhaint amach i measc coláistí réitigh éagsúla, is gá rialacha aonfhoirmeacha a leagan amach maidir leis an bpróiseas agus leis an doiciméadacht is gá le haghaidh na cinnteoireachta comhpháirtí laistigh de na coláistí réitigh.

(10) Thairis sin, is gá an creat nós imeachta a leagan amach don údarás réitigh, do na húdaráis atá ina gcomhaltaí den choláiste réitigh agus, i gcás inarb iomchuí, d'údaráis inniúla tríú páirtí agus d'údaráis réitigh tríú páirtí chun féachaint le pleanáil réitigh éifeachtúil agus inoibrithe a bhaint amach, fiú in éagmais cinntí comhpháirteacha.

(11) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(12) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

EAGRÚ OIBRÍOCHTÚIL COLÁISTÍ RÉITIGH

Airteagal 1

Comhaltaí an choláiste réitigh agus breathnóirí féideartha a shainaithint

1. Déanfaidh údarás imréitigh an chontrapháirtí lárnaigh (CPL) comhaltaí an choláiste réitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/23 a shainaithint agus déanfaidh sé na breathnóirí féideartha dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/23 a shainaithint i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL liosta na gcomhaltaí agus na mbreathnóirí féideartha, mar aon le haon athrú a dhéanfar air sin ina dhiaidh sin, in iúl don choláiste réitigh.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

3. Déanfaidh údarás réitigh an CPL athbhreithniú ar liosta na gcomhaltaí agus na mbreathnóirí féideartha agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é go bliantúil ar a laghad agus in aon chás nuair a dhéantar aon athrú ar an liosta sin.

Airteagal 2

Údaráis tríú tír mar bhreathnóirí sa choláiste réitigh

1. Tar éis d'údarás réitigh an CPL iarraidh ábhartha a fháil chun páirt a ghlacadh sa choláiste réitigh ó údarás inniúil nó údarás réitigh na gcomhaltaí imréitigh atá bunaithe i dtríú tíortha nó ó údarás inniúil nó údarás réitigh CPLanna tríú tír a bhfuil socruithe idir-inoibritheachta dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/23 bunaithe ag an CPL leo, nó i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás réitigh an CPL iarraidh orthu a bheith rannpháirteach sa choláiste réitigh, cuirfidh údarás réitigh an CPL an iarraidh nó an rún atá aige iarraidh orthu a bheith rannpháirteach in iúl don choláiste réitigh.

2. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an teachtaireacht sin:

(a) tuairim údarás réitigh an CPL, ag féachaint do mhír 2, pointe (b) agus pointe (c) freisin, faoi choibhéis na gceanglas rúndachta is infheidhme maidir leis an mbreathnóir féideartha;

(b) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na mbreathnóirí sa choláiste réitigh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f);

(c) tuairim údarás réitigh an CPL maidir le tábhacht neamhchosaint na gcomhaltaí imréitigh tríú tír ábhartha nó CPLanna idir-inoibritheacha;

(d) sprioc-am a leagan síos don choláiste réitigh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh nó leis an rún atá aige iarraidh orthu a bheith rannpháirteach sa choláiste réitigh, sprioc-am a nglacfar leis ar dhul in éag dó go bhfuil toiliú an choláiste réitigh ann. Laistigh den sprioc-am a leagtar amach sa mhír seo, pointe (d), féadfaidh aon údarás easaontach dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23 a agóid lánréasúnaithe in aghaidh thuairim údarás réitigh an CPL dá dtagraítear i bpointe (a) a chur in iúl. Nuair a chuirfear agóid in iúl, cuirfidh údarás réitigh an CPL an agóid sin san áireamh sula ndéanfaidh sé a chinneadh críochnaitheach. Cinneadh críochnaitheach údarás réitigh an CPL maidir leis an iarraidh nó leis an rún chun iarraidh orthu a bheith rannpháirteach, beidh sé lánréasúnaithe agus cuirfear in iúl é do chomhaltaí uile an choláiste réitigh agus, más ábhartha, beidh sé ina léiriú ar na cúiseanna nár cuireadh tuairimí éagsúla san áireamh.

3. Nuair a dhéanfaidh údarás réitigh an CPL cinneadh iarraidh ar údarás tríú tír a bheith rannpháirteach sa choláiste réitigh, mar a fhoráiltear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/23, seolfaidh sé cuireadh chuig breathnóirí féideartha. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na mbreathnóirí sa choláiste réitigh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f) den Rialachán seo, ag gabháil leis an gcuireadh. An breathnóir féideartha a gheobhaidh an cuireadh, measfar gur breathnóir é ar ghlacadh leis an gcuireadh dó, agus leis sin, measfar go nglacann sé leis na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na mbreathnóirí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (f) den Rialachán seo.

4. Tar éis dó glacadh leis an gcuireadh, déanfaidh údarás réitigh an CPL leagan nuashonraithe den liosta dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a tharchur chuig an gcoláiste réitigh.

Airteagal 3

Cumarsáid leis an CPL

1. Áiritheoidh údarás réitigh an CPL idirghníomhaíocht thráthrialta leis an CPL chun feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach an choláiste réitigh.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL in iúl don CPL bunú an choláiste réitigh agus liosta dá chomhaltaí agus dá bhreathnóirí, más ann dóibh, mar aon le haon athrú ar an liosta sin.

Airteagal 4

Sonraí teagmhála a shuíomh agus a thabhairt cothrom le dáta

1. Maidir leis na daoine arna gceapadh ag gach comhalta chun cúraimí an choláiste réitigh a fheidhmiú, déanfaidh údarás réitigh an CPL sonraí teagmhála na ndaoine sin, mar aon le sonraí teagmhála na ndaoine arna gceapadh ag na breathnóirí, a choimeád agus a roinnt le comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh.

Áireofar freisin leis na sonraí teagmhála dá dtagraítear sa chéad fhomhír sonraí teagmhála lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le haghaidh cásanna éigeandála.

2. Áiritheoidh comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh go bhfaighidh údarás réitigh an CPL sonraí teagmhála uile na dteagmhálaithe ábhartha agus go gcuirfear ar an eolas é, gan moill mhíchuí, faoi na hathruithe ábhartha uile.

Airteagal 5

Ábhar na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh

1. Sna socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 4(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/23, áireofar ar a laghad sainaithint chomhaltaí agus bhreathnóirí an choláiste réitigh de bhun Airteagail 1 agus 2 den Rialachán seo agus leagfar amach iontu creat um chomhar idir comhaltaí an choláiste réitigh agus um chomhordú ghníomhaíochtaí agus chúraimí an choláiste réitigh.

2. Áireofar na nithe uile seo a leanas sa chreat um chomhar agus um chomhordú:

(a) na rialacha maidir le rialachas an choláiste réitigh, a theanga oibre agus a nósanna imeachta vótála;

(b) na cúraimí agus na cinntí a bheidh le déanamh ag an gcoláiste réitigh, lena n-áirítear ceart an choláiste réitigh coistí a bhunú agus na nósanna imeachta chun teacht ar chomhaontú maidir le bunú na gcoistí sin agus maidir le cúraimí a tharmligean chucu, mar aon le haon choinníoll is infheidhme;

(c) freagrachtaí údarás réitigh an CPL mar chathaoirleach an choláiste réitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2021/23 agus i ndáil leis na cúraimí agus na cinntí dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo;

(d) struchtúr an choláiste réitigh, go háirithe aon choiste arna bhunú faoi phointe (b) agus sainaithint chomhaltaí an choláiste réitigh atá rannpháirteach sna coistí sin agus sainaithint na mbreathnóirí a ligtear isteach chuig na coistí sin;

(e) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht chomhaltaí an choláiste réitigh, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sna cúraimí agus sna cinntí a shainaithnítear i bpointe (b);

(f) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht bhreathnóirí sa choláiste réitigh, lena n-áirítear a rannpháirtíocht in idirphlé agus i ngníomhaíochtaí an choláiste réitigh, mar aon lena gcearta agus a n-oibleagáidí maidir le malartú faisnéise, ag féachaint d'Airteagail 4, 8 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23. Chun na críche sin, áiritheoidh údarás réitigh an CPL nach mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na mbreathnóirí níos fabhraí ná na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach le haghaidh chomhaltaí an choláiste réitigh;

(g) socruithe laethúla, mar aon le socruithe maidir le cásanna éigeandála, cumarsáid, comhar agus comhordú, cuir i gcás nuashonruithe tráthrialta maidir le struchtúr corparáideach agus gníomhaíochtaí gnó an CPL, lena n-áirítear na cineálacha seirbhísí a sholáthraíonn sé, na táirgí, na haicmí sócmhainní agus na cineálacha idirbheart a imréitíonn sé, na CPLanna, ionaid trádála, córais íocaíochta agus taisclanna lárnacha urrús agus córais socraíochta urrús a bhfuil sé nasctha leo, agus meascán geografach na rannpháirtithe díreacha agus na rannpháirtithe móra indíreacha arb eol don CPL cé hiad;

(h) nósanna imeachta maidir le cinntí comhpháirteacha a ghlacadh a mhéid nach gcumhdaítear é sin le Rialachán (AE) 2021/23 agus nósanna imeachta chun teacht ar chomhthuiscint i gcás nach bhfuil gá le cinneadh comhpháirteach ach gur cosúil, dar le húdarás réitigh an CPL, go bhfuil gá le comhthuiscint den sórt sin laistigh den choláiste réitigh, nó laistigh d'aon cheann dá choistí;

(i) socruithe maidir le faisnéis rúnda agus neamhrúnda a mhalartú mar a leagtar amach in Airteagal 8, lena n-áirítear raon feidhme agus minicíocht ábhartha an mhalartaithe sin agus na bealaí cumarsáide atá le húsáid, ag féachaint d'Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23 agus do ról údarás réitigh an CPL mar an comhordaitheoir chun faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh i measc chomhaltaí agus bhreathnóirí an choláiste réitigh, i gcás inarb infheidhme;

(j) tuairisc ar fhaisnéis ábhartha atá le comhroinnt le comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh, go háirithe i ndáil leis an bpleanáil réitigh, measúnú ar inréiteacht agus cúraimí eile dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/23, ag féachaint d'Airteagail 8, 73 agus 80 den Rialachán sin agus do ról údarás réitigh an CPL;

(k) socruithe maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil ag féachaint d'Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23;

(l) nósanna imeachta maidir le cruinnithe tráthrialta agus *ad-hoc* a ghairm agus a reáchtáil dá dtagraítear in Airteagal 7;

(m) socruithe a bhaineann le hidirghníomhaíocht idir an coláiste réitigh agus an coláiste maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (24), de Rialachán (AE) 2021/23, lena n-áirítear ionchur ó chomhaltaí an choláiste réitigh a chomhordú agus an t-ionchur sin a chur in iúl don choláiste maoirseachta i gcás inar gá chun a gcúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán sin;

(n) nósanna imeachta maidir leis an mbeartas cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán seo;

(o) aon chomhaontú eile a bhaineann le feidhmiú an choláiste réitigh;

(p) aon fhoráil lena gcumhdaítear socruithe maidir le leasú agus scor.

Airteagal 6

Socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta

1. Ullmhóidh údarás réitigh an CPL a thogra le haghaidh na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL a thogra in iúl don choláiste réitigh le haghaidh comhairliúcháin, iarrfaidh sé ar na comhaltaí a dtuairimí a thabhairt, agus sonróidh sé an sprioc-am chun na tuairimí sin a chur isteach.

3. I gcás nach gcuireann comhaltaí an choláiste réitigh dá dtagraítear i mír 2 aon tuairim isteach faoin sprioc-am, leanfaidh údarás réitigh an CPL ar aghaidh le glacadh na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn ag an gcoláiste réitigh.

I gcás ina gcuireann comhaltaí an choláiste réitigh tuairimí isteach maidir leis an togra le haghaidh na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn de bhun mhír 2, cuirfidh siad na tuairimí sin isteach, maille le míniú críochnúil ar na barúlacha agus na moltaí a tugadh d'údarás réitigh an CPL laistigh den sprioc-am.

4. Déanfaidh údarás réitigh an CPL breithniú ar thuairimí chomhaltaí an choláiste réitigh agus tabharfaidh sé cúis lena chinneadh i gcás nach gcuireann sé na tuairimí sin san áireamh; agus leanfaidh sé ar aghaidh leis na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn a ghlacadh.

5. Tar éis d'údarás réitigh an CPL na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh a chur i gcrích, cuirfidh sé iad in iúl do chomhaltaí an choláiste réitigh.

6. Déanfaidh údarás réitigh an CPL athbhreithniú ar na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh agus tabharfaidh sé cothrom le dáta iad go bliantúil ar a laghad agus tar éis aon athrú substainteach ar chomhdhéanamh an choláiste réitigh.

7. Agus na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn maidir le feidhmiú an choláiste réitigh á dtabhairt cothrom le dáta ag údarás réitigh an CPL, leanfaidh an t-údarás sin agus comhaltaí eile an choláiste réitigh an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 6.

8. Beidh comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh faoi cheangal ag na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn a glacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 7

Cruinnithe agus gníomhaíochtaí eile an choláiste réitigh

1. Déanfaidh an coláiste réitigh cruinniú amháin ar a laghad a ghairm in aghaidh na bliana. Féadfaidh údarás réitigh an CPL, le toiliú chomhaltaí uile an choláiste réitigh, agus sainiúlachtaí an CPL á gcur san áireamh, minicíocht níos airde a chinneadh le haghaidh chruinnithe an choláiste réitigh ag féachaint do mhéid, cineál, scála agus castacht an CPL, d'impleachtaí sistéamacha an CPL ó dhlínse agus ó airgeadra go chéile, don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí an CPL, d'imthosca seachtracha agus d'iarrataí a d'fhéadfadh comhaltaí an choláiste réitigh a dhéanamh.

2. Eagróidh údarás réitigh an CPL cruinnithe *ad hoc*, nó cineálacha eile gníomhaíochtaí idir comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh, go háirithe i gcás ina mbeidh gá le hidirphlé idir comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh.

3. Ullmhóidh údarás réitigh an CPL clár oibre agus cuspóirí cruinnithe pleanáilte agus gníomhaíochtaí eile. Cuirfidh údarás réitigh an CPL an dréachtchlár oibre in iúl do chomhaltaí agus do bhreathnóirí an choláiste réitigh le haghaidh comhairliúcháin roimh an gcruinniú, iarrfaidh sé orthu rannchuidiú leis, agus cuirfidh sé pointí leis laistigh d'amlíne shonraithe.

4. Áiritheoidh comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh go mbeidh ionadaithe iomchuí óna n-institiúidí faoi seach, i bhfianaise chuspóirí chruinniú agus ghníomhaíochtaí eile an choláiste réitigh, rannpháirteach i gcruinnithe an choláiste réitigh agus i ngníomhaíochtaí eile. Áiritheoidh na comhaltaí agus na breathnóirí sin freisin go dtabharfar de chumhacht do na hionadaithe sin ceangal a chur ar a n-údaráis, a mhéid is féidir, maidir le cinntí a dhéantar sna cruinnithe sin nó sna gníomhaíochtaí eile sin.

5. Áiritheoidh údarás réitigh an CPL go scaipfear doiciméid ábhartha 5 lá oibre ar a laghad roimh chruinniú nó gníomhaíocht ar leith de chuid an choláiste réitigh, nó laistigh d'aon tréimhse ama eile arna comhaontú ag an gcoláiste réitigh. Déanfar torthaí agus cinntí chruinnithe nó ghníomhaíochtaí eile an choláiste réitigh a dhoiciméadú i scríbhinn agus áiritheoidh údarás réitigh an CPL go gcuirfear in iúl iad do chomhaltaí agus do bhreathnóirí an choláiste réitigh, a mhéid is ábhartha dá rannpháirtíocht sa chruinniú, laistigh de 15 lá oibre tar éis an chruinnithe nó na gníomhaíochta, nó laistigh d'aon tréimhse ama eile arna comhaontú ag an gcoláiste réitigh.

Áiritheoidh údarás réitigh an CPL an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) go ndéanfar cinneadh ag cruinnithe bliantúla an choláiste réitigh maidir le plean réitigh an CPL le haghaidh an timthrialla réitigh roimhe sin agus go bpléifear an dul chun cinn a rinneadh i dtreo inréiteacht an CPL ag na cruinnithe sin;

(b) go leanfaidh cruinnithe nó gníomhaíochtaí an choláiste réitigh de bheith éifeachtach agus, an tráth céanna, é á áirithiú go gcuirfear comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh go hiomlán ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an choláiste réitigh atá ábhartha dóibh;

(c) go ndéanfar athbhreithniú tráthrialta ar ghníomhaíochtaí an choláiste réitigh agus go ndéanfar gníomhaíocht feabhais i gcás nach bhfuil an coláiste réitigh ag feidhmiú go héifeachtach.

6. Feidhmeoidh údarás réitigh an CPL mar phointe teagmhála lárnach i dtaca le haon ábhar a bhaineann le heagrú praiticiúil an choláiste réitigh.

Airteagal 8

Malartú faisnéise

1. Faoi réir Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23, áiritheoidh údarás réitigh an CPL mar aon le comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh go malartóidh siad an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a fhaightear ó aon fhoinse agus atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an choláiste réitigh.

2. Beidh an fhaisnéis fhíor-riachtanach dá dtagraítear i mír 1 iomchuí agus cruinn, agus roinnfear í go tráthúil.

3. Faoi réir Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23, déanfaidh údarás réitigh an CPL agus an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2021/23 an fhaisnéis uile is gá a mhalartú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an dá choláiste a ról mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/23.

4. I gcás ina bhfaigheann údarás réitigh an CPL faisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, tarchuirfidh sé í chuig comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh, faoi réir Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23.

5. I gcás ina n-eagraítear an coláiste réitigh i gcoistí éagsúla, coimeádfaidh údarás réitigh an CPL comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh go hiomlán ar an eolas, go tráthúil, faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh, nó faoi bhearta a rinneadh, sna coistí sin.

6. Mura bhforáiltear a mhalairt, féadfaidh an coláiste réitigh úsáid a bhaint as aon mhodh cumarsáide lena chomhaltaí agus lena bhreathnóirí chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a mhalartú. Cuirfear faisnéis rúnda agus íogair in iúl trí mhodhanna slána a úsáid a mhéid is féidir. Maidir le faisnéis atá ar fáil go poiblí, is leormhaith go soláthróidh údarás réitigh an CPL an tagairt don fhaisnéis sin.

7. I gcás inar ann do shuíomh gréasáin slán de chuid an choláiste réitigh, is é an úsáid a bhainfear as an suíomh gréasáin sin an príomh-mhodh cumarsáide.

8. Leis an Rialachán seo, ní dhéanfar difear do chumhachtaí bailithe faisnéise údarás inniúil an CPL ná údarás réitigh an CPL.

Airteagal 9

Beartas cumarsáide

Is é údarás réitigh an CPL an t-údarás a bheidh freagrach as cumarsáid a dhéanamh leis an CPL, agus leis an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2021/23, i gcás ina bhfuil an t-údarás sin éagsúil le húdarás réitigh an CPL.

Airteagal 10

Cumarsáid sheachtrach

A mhéid is indéanta, cuirfidh údarás réitigh an CPL an coláiste réitigh ar an eolas faoin méid seo a leanas ar a laghad:

(a) comhordú cumarsáide seachtraí agus ráiteas poiblí le linn staid gnóthais leantaigh, i gcás ina meastar go bhfuil ag cliseadh ar an CPL nó gur dócha go gclisfidh air de bhun Airteagal 22, mír 3, de Rialachán (AE) 2021/23;

(b) an leibhéal faisnéise atá le nochtadh.

Airteagal 11

Cásanna éigeandála

1. Déanfaidh údarás réitigh an CPL nósanna imeachta oibríochta maidir le feidhmiú an choláiste réitigh i gcásanna éigeandála a bhunú agus a thástáil go tráthrialta, ar bhonn bliantúil ar a laghad, go háirithe i gcásanna éigeandála sistéamacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar inmharthanacht an CPL.

2. Leis na nósanna imeachta oibríochta dá dtagraítear i mír 1, cumhdófar na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) na modhanna slána cumarsáide a bheidh le húsáid;

(b) an tacar faisnéise a bheidh le malartú;

(c) na daoine ábhartha a ndéanfar teagmháil leo;

(d) na nósanna imeachta cumarsáide a bheidh le leanúint ag comhaltaí agus breathnóirí ábhartha an choláiste réitigh.

CAIBIDIL 2

CINNTÍ COMHPHÁIRTEACHA MAIDIR LE PLEANÁIL RÉITIGH AGUS INRÉITEACHT

ROINN 1

Próiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht

Airteagal 12

Céimeanna an phróisis cinnteoireachta comhpháirtí a phleanáil maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht

1. Sula gcuirfear tús leis an bpróiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir leis an bplean réitigh i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/23, tiocfaidh comhaltaí an choláiste réitigh ar chomhaontú maidir le tráthchlár na gcéimeanna a bheidh le leanúint sa phróiseas sin ('tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh').

I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh, socróidh údarás réitigh an CPL an tráthchlár sin tar éis breithniú a dhéanamh ar na tuairimí agus ar an imní atá curtha in iúl ag comhaltaí an choláiste réitigh.

2. Déanfaidh comhaltaí an choláiste réitigh an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ar a laghad agus áireofar ann gach ceann de na céimeanna seo a leanas, céimeanna a bheidh le cur chun feidhme de réir seicheamh a chomhaontóidh an coláiste réitigh nó a shocróidh údarás réitigh an CPL mar a leagtar amach i mír 1, an dara fomhír:

(a) idirphlé tosaigh a dhéanamh ag an gcoláiste réitigh i dtaca le straitéis réitigh an CPL, mar ullmhúchán don chinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht;

(b) an fhaisnéis is gá a iarraidh ar an CPL chun an plean réitigh a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/23 agus chun an measúnú ar inréiteacht a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán sin;

(c) an CPL an fhaisnéis a iarrtar i bpointe (b) a chur go díreach faoi bhráid údarás réitigh an CPL go díreach;

(d) an fhaisnéis a fhaigheann údarás réitigh an CPL ón CPL a tharchur chuig an gcoláiste réitigh agus sprioc-am a shonrú le haghaidh aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise;

(e) comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh ionchuir le haghaidh fhorbairt an phlean réitigh agus an mheasúnaithe ar inréiteacht a chur faoi bhráid údarás réitigh an CPL;

(f) an dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht ó údarás réitigh an CPL a chur faoi bhráid chomhaltaí agus bhreathnóirí an choláiste réitigh;

(g) barúlacha a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí an choláiste réitigh maidir leis an dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht a chur faoi bhráid údarás réitigh an CPL;

(h) plé a dhéanamh leis an CPL maidir leis an dréachtphlean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, i gcás ina measann údarás réitigh an CPL gurb iomchuí é sin a dhéanamh;

(i) idirphlé a dhéanamh ag an gcoláiste réitigh i dtaca leis an dréachtphlean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht;

(j) an dréachtchinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh ó údarás réitigh an CPL a scaipeadh ar an gcoláiste réitigh;

(k) idirphlé a dhéanamh i dtaca leis an dréachtchinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, i gcás ina measann údarás réitigh an CPL gur gá é sin a dhéanamh;

(l) teacht ar chinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht;

(m) conclúid an chinnidh chomhpháirtigh a chur in iúl don CPL mar aon le hachoimre ar phríomhghnéithe an phlean réitigh.

3. Leis an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh, déanfar an méid seo a leanas:

(a) raon feidhme agus castacht gach céime den phróiseas cinnteoireachta comhpháirtí a léiriú;

(b) tráthchlár cinntí comhpháirteacha eile a bheidh le déanamh ag an gcoláiste réitigh a chur san áireamh;

(c) tráthchlár cinntí comhpháirteacha eile a bheidh le déanamh ag an gcoláiste maoirseachta ábhartha a chur san áireamh, a mhéid is féidir, go háirithe an tráthchlár le haghaidh an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an athbhreithniú agus an measúnú ar an bplean téarnaimh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/23.

Airteagal 13

Gnéithe de thráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh

1. Agus tráthchlár an chinnidh chomhpháirtigh le haghaidh plean réitigh á dhréachtú, cuirfidh na húdaráis lena mbaineann, nó údarás réitigh an CPL i gcás ina bhfuil sé ag gníomhú ina aonar, Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/23 san áireamh maidir leis an ngá atá le measúnú comhuaineach ar inréiteacht agus an próiseas chun dul i ngleic le baic ábhartha a chur ar fionraí, agus áiritheoidh siad go ndéanfar na sprioc-amanna ábhartha dá bhforáiltear sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh a choigeartú dá réir sin.

2. Agus an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh á dhréachtú ag údarás réitigh an CPL, tabharfaidh sé aird ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht breathnóirí mar a leagtar amach i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn de chuid an choláiste réitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/23.

3. Déanfaidh údarás réitigh an CPL na gnéithe seo a leanas den tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh a chur in iúl don CPL:

(a) dáta measta a bhfuil coinne leis go ndéanfar an iarraidh ar an bhfaisnéis is gá chun an plean réitigh a tharraingt suas agus an measúnú ar inréiteacht a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12(2), pointe (b) den Rialachán seo, agus an sprioc-am faoinar gá an fhaisnéis sin a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 12(2), pointe (c) den Rialachán seo;

(b) dáta measta chun an plé dá dtagraítear in Airteagal 12(2), pointe (h) den Rialachán seo, a eagrú, i gcás inarb ábhartha;

(c) dáta measta le haghaidh na cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 12(2), pointe (m) den Rialachán seo.

Airteagal 14

Idirphlé tosaigh maidir leis an straitéis réitigh

Eagróidh údarás réitigh an CPL idirphlé tosaigh le comhaltaí agus breathnóirí ábhartha an choláiste réitigh chun na nithe uile seo a leanas a dhéanamh:

(a) réamhthogra maidir leis an straitéis réitigh le haghaidh an CPL a phlé;

(b) a sheiceáil an bhfuil aon chuid den fhaisnéis is gá chun an plean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht a fhorbairt ar fáil cheana d'aon cheann de na húdaráis inniúla, agus an fhaisnéis sin a chomhroinnt i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/23;

(c) an fhaisnéis bhreise a bheidh le hiarraidh ar an CPL a chinneadh;

(d) teacht ar chomhaontú maidir le haon ionchur ó na húdaráis ábhartha a bheidh ag teastáil, bíodh siad ina n-údaráis réitigh nó ná bíodh, ó údarás réitigh an CPL chun an plean réitigh a fhorbairt agus an measúnú ar inréiteacht a dhéanamh.

Airteagal 15

Faisnéis ón CPL

1. Iarrfaidh údarás réitigh an CPL ar an CPL an fhaisnéis uile is gá i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/23, agus toradh an idirphlé dá bhforáiltear in Airteagal 14 den Rialachán seo á chur san áireamh.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL in iúl go soiléir don CPL an sprioc-am chun an fhaisnéis sin a sholáthar.

3. Cuirfidh an CPL an fhaisnéis a iarradh ar fáil d'údarás réitigh an CPL go tráthúil, ach tráth nach déanaí ná an sprioc-am a leagtar síos faoi mhír 2.

Airteagal 16

Faisnéis ón údarás réitigh a tharchur

1. Déanfaidh údarás réitigh an CPL, gan moill mhíchuí, an fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 15, agus faoi réir Airteagal 8 den Rialachán seo, a tharchur chuig comhaltaí an choláiste réitigh agus iarrfaidh sé orthu barúlacha a thabhairt maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gá le faisnéis bhreise laistigh de thréimhse shonrach ama.

2. Aon chomhalta den choláiste réitigh a fhaigheann faisnéis, féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ar údarás réitigh an CPL laistigh den tréimhse ama a shonraítear faoi mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina measann an t-údarás is faighteoir go bhfuil an fhaisnéis bhreise ábhartha maidir le plean réitigh an CPL a fhorbairt agus a choinneáil ar bun nó maidir leis an measúnú ar inréiteacht a dhéanamh. I gcás den sórt sin, beidh feidhm ag forálacha ábhartha Airteagal 15 den Rialachán seo dá réir sin.

3. Maidir le tarchur na faisnéise ó údarás réitigh an CPL chuig comhaltaí an choláiste réitigh dá dtagraítear i mír 2, ní mheasfar é a bheith curtha i gcrích go hiomlán go dtí go ndéanfar an fhaisnéis tosaigh agus an fhaisnéis ina dhiaidh sin araon a tharchur go hiarbhír.

4. Agus mír 3 den Airteagal seo á cur san áireamh, cuirfidh údarás réitigh an CPL in iúl don choláiste réitigh dáta tosaigh na tréimhse ceithre mhí chun an cinneadh comhpháirteach a dhéanamh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/23.

5. Maidir leis an bhfaisnéis bhreise is gá chun tarraingt suas an phlean réitigh agus cur i gcrích an mheasúnaithe ar inréiteacht a éascú, déanfaidh comhaltaí an choláiste réitigh an fhaisnéis sin a mhalartú faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos in Airteagail 8, 73 agus 80 de Rialachán (AE) 2021/23.

Airteagal 17

An dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht a fhorbairt agus a scaipeadh

1. Déanfaidh comhaltaí agus breathnóirí uile an choláiste réitigh a n-ionchuir maidir le plean réitigh an CPL agus an measúnú ar inréiteacht a chur ar fáil d'údarás réitigh an CPL go tráthúil agus in aon chás faoin sprioc-am a leagtar síos sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh de bhun Airteagal 12(2), pointe (e) den Rialachán seo.

2. Forbróidh údarás réitigh an CPL an dréachtphlean réitigh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/23, agus aon ionchur a chuireann comhaltaí agus breathnóirí ábhartha an choláiste réitigh isteach á chur san áireamh.

3. Déanfaidh údarás réitigh an CPL na hionchuir dá dtagraítear i mír 1, an dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht a scaipeadh ar chomhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh go tráthúil, ach tráth nach déanaí ná an sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 12(2), pointe (j) den Rialachán seo.

Airteagal 18

Plé leis an CPL

I gcás ina n-eagróidh údarás réitigh an CPL plé leis an CPL maidir le príomhghnéithe an dréachtphlean réitigh, ar bhonn na tuairime a fuarthas ón CPL i gcomhréir le hAirteagal 12(8) de Rialachán (AE) 2021/23, agus ar bhonn mheasúnú an CPL ar inréiteacht de bhun Airteagal 12(2), pointe (h), den Rialachán seo, déanfaidh sé amhlaidh go tráthúil agus in aon chás laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos sa chéim ábhartha den tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh. Cuirfidh údarás réitigh an CPL in iúl don choláiste réitigh aon bharúil a chuireann an CPL isteach maidir le príomhghnéithe an phlean réitigh, lena n-áirítear an measúnú ar inréiteacht, le linn an chomhairliúcháin sin.

Airteagal 19

Idirphlé maidir leis an dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht

1. Eagróidh údarás réitigh an CPL idirphlé maidir leis an dréachtphlean réitigh agus an dréachtmheasúnú ar inréiteacht le comhaltaí an choláiste réitigh go tráthúil de bhun Airteagal 12(2), pointe (i) den Rialachán seo, ach tráth nach déanaí ná laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh.

I gcás ina bhfuil an CPL ina chuid de ghrúpa corparáideach ina bhfuil CPL nó CPLanna eile, eagróidh údaráis réitigh na CPLanna plé eatarthu féin maidir leis na dréachtphleananna réitigh agus na dréachtmheasúnuithe ar inréiteacht.

2. Ar bhonn an idirphlé dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh údarás réitigh an CPL plean réitigh an chontrapháirtí lárnaigh chomhfhreagraigh agus an measúnú ar inréiteacht a thabhairt chun críche.

3. I gcás ina sainaithneofar baic ábhartha ar inréiteacht, beidh feidhm ag Airteagal 24(1) den Rialachán seo.

Airteagal 20

An cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht a dhréachtú

Ullmhóidh údarás réitigh an CPL dréachtchinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus measúnú an CPL ar inréiteacht. Leagfar amach sa dréachtchinneadh comhpháirteach gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ainmneacha údarás réitigh an CPL agus chomhaltaí an choláiste réitigh a dhéanann an cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus measúnú an CPL ar inréiteacht;

(b) ainmneacha na mbreathnóirí i gcás ina raibh na breathnóirí sin rannpháirteach i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht breathnóirí mar a leagtar amach sna socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán seo;

(c) achoimre ar na tuairimí arna gcur in iúl ag na húdaráis a ndeachthas i gcomhairle leo sa phróiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht;

(d) na tagairtí do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le hullmhú, tabhairt chun críche agus cur i bhfeidhm an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht;

(e) dáta glactha an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, agus dáta aon nuashonraithe orthu sin;

(f) an plean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, lena n-áirítear aon bheart chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht, nó chun iad a bhaint, i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2021/23, ar faoina réir a dhéantar an cinneadh comhpháirteach. I gcás ina bhfuil na bearta sin á gcur chun feidhme ag an CPL, cuirfear faisnéis ar fáil freisin maidir leis an amlíne chun iad a chur chun feidhme.

Airteagal 21

Teacht ar chinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht

1. Seolfaidh údarás réitigh an CPL an dréachtchinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht chuig comhaltaí an choláiste réitigh gan moill mhíchuí, agus leagfaidh sé síos sprioc-am do chomhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála acu chun a gcomhaontú i scríbhinn leis an gcinneadh comhpháirteach sin a chur ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Rialachán seo.

2. Maidir le comhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála acu nach n-easaontaíonn leis an dréachtchinneadh comhpháirteach, tar éis dóibh an dréachtchinneadh comhpháirteach a fháil, déanfaidh siad a gcomhaontú i scríbhinn a tharchur chuig údarás réitigh an CPL laistigh den sprioc-am a leagtar síos faoi mhír 1.

3. Is éard a bheidh sa chinneadh comhpháirteach críochnaitheach doiciméad an chinnidh chomhpháirtigh arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán seo, na comhaontuithe i scríbhinn dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus comhaontú údarás réitigh an CPL.

4. Déanfaidh údarás réitigh an CPL an cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht a chur in iúl do chomhaltaí agus do bhreathnóirí an choláiste réitigh.

Airteagal 22

An cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus achoimre ar an bplean réitigh a chur in iúl don CPL

1. Déanfaidh údarás réitigh an CPL an cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh, mar aon le hachoimre ar phríomhghnéithe an phlean réitigh, lena n-áirítear an measúnú ar inréiteacht, a chur in iúl do chomhlacht bainistíochta an CPL go tráthúil agus in aon chás faoin sprioc-am a leagtar síos sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí le haghaidh plean réitigh.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh ar an eolas faoin gcumarsáid sin.

3. Míneoidh údarás réitigh an CPL príomhghnéithe an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht don CPL.

Airteagal 23

An próiseas in éagmais cinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht

In éagmais cinneadh comhpháirteach idir comhaltaí an choláiste réitigh laistigh de 4 mhí ón dáta a tarchuireadh an dréachtphlean réitigh i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/23, is é údarás réitigh an CPL a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, cinneadh a chuirfear in iúl i scríbhinn gan moill mhíchuí don choláiste réitigh trí bhíthin doiciméad ina mbeidh gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ainm údarás réitigh an CPL;

(b) ainm an CPL;

(c) tagairtí do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le hullmhú, tabhairt chun críche agus cur i bhfeidhm an chinnidh;

(d) dáta an chinnidh;

(e) an plean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, lena n-áirítear aon bheart chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht, nó chun iad a bhaint, i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2021/23, ar faoina réir a dhéantar an cinneadh. I gcás ina bhfuil na bearta sin á gcur chun feidhme ag an CPL, cuirfear an amlíne chun iad a chur chun feidhme ar fáil freisin;

(f) ainmneacha chomhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil baint acu le próiseas an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, mar aon le hachoimre ar na tuairimí a chuir na comhaltaí sin in iúl agus faisnéis maidir leis na saincheisteanna is cúis le heasaontas;

(g) barúlacha údarás réitigh an CPL maidir leis na tuairimí a chuir comhaltaí an choláiste réitigh in iúl, go háirithe maidir leis na saincheisteanna is cúis le heasaontas agus an fhéidearthacht atá ag aon chomhalta den choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála aige na saincheisteanna sin a tharchur chuig ESMA i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

ROINN 2

Cinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint

Airteagal 24

An próiseas cinnteoireachta comhpháirtí a chur ar fionraí maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht

1. I gcás ina sainaithníonn údarás réitigh an CPL, i gcomhar leis an gcoláiste réitigh, baic ábhartha ar inréiteacht, nó i gcás ina n-aontaíonn sé le tuairim faoi bhaic ábhartha shainaitheanta a chuir aon duine de chomhaltaí nó de bhreathnóirí an choláiste réitigh in iúl maidir leis an bplean réitigh agus an measúnú ar inréiteacht, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid chomhaltaí agus bhreathnóirí an choláiste réitigh i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/23. Ar an gcaoi sin, cuirfidh údarás réitigh an CPL fionraí an phróisis cinnteoireachta comhpháirtí in iúl i gcomhréir le hAirteagal 16(2) den Rialachán sin.

2. Cuirfidh údarás réitigh an CPL tús an athuair leis an bpróiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir leis an bplean réitigh, lena n-áirítear an measúnú ar inréiteacht a dhéanamh, tráth a chuirtear na próisis cinnteoireachta comhpháirtí dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/23 i gcrích maidir le bearta chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht nó chun iad a bhaint, bíodh siad ina mbearta a mhol an CPL i gcomhréir le hAirteagal 16(3) den Rialachán sin, nó bearta malartacha ón údarás réitigh de bhun Airteagal 16(4) den Rialachán sin.

Airteagal 25

Pleanáil céimeanna próiseas cinnteoireachta comhpháirtí maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint

1. Sula gcuirfear tús leis na próisis cinnteoireachta comhpháirtí maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht, agus bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 17(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/23, tiocfaidh comhaltaí an choláiste réitigh ar chomhaontú maidir le tráthchlár na gcéimeanna a bheidh le leanúint sa phróiseas sin ('tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint').

I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint, socróidh údarás réitigh an CPL an tráthchlár sin tar éis breithniú a dhéanamh ar na tuairimí agus ar aon imní atá curtha in iúl ag comhaltaí an choláiste réitigh.

2. Áireofar i dtráthchlár an chinnidh chomhpháirtigh chun baic ábhartha a shainaithint na céimeanna seo a leanas:

(a) an tuarascáil maidir leis na baic ábhartha arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/23 a ullmhú agus a scaipeadh ag údarás réitigh an CPL i gcomhairle le húdarás inniúil an CPL;

(b) an tuarascáil de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/23 a chur isteach ó údarás réitigh an CPL chuig an CPL agus chuig an gcoláiste réitigh;

(c) an dáta a chuireann an CPL a bharúlacha agus a bhearta malartacha chun na baic ábhartha a leigheas, más ann dóibh, faoi bhráid údarás réitigh an CPL i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23;

(d) idirphlé a dhéanamh idir údarás réitigh an CPL agus comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh maidir le haon bharúil nó aon bheart malartach atá molta ag an CPL chun na baic ábhartha a leigheas de bhun Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23;

(e) na dréachtchinntí comhpháirteacha a fhorbairt maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint de bhun Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23;

(f) na cinntí comhpháirteacha a thabhairt chun críche maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint de bhun Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23;

(g) na cinntí comhpháirteacha a chur in iúl don CPL maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint de bhun Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23.

3. Déanfaidh údarás réitigh an CPL athbhreithniú ar an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é chun bheith ina léiriú ar shíneadh ama a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta comhpháirtí i gcás ina gcuireann an CPL barúlacha isteach agus ina molann sé aon bheart malartach chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht nó chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23.

4. Agus an tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint á dhréachtú ag údarás réitigh an CPL, tabharfaidh sé aird ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht breathnóirí mar a leagtar amach i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn de chuid an choláiste réitigh agus in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/23.

5. Maidir leis na gnéithe sin den tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint, ar gnéithe iad a bhfuil sé beartaithe go mbeidh an CPL rannpháirteach iontu, cuirfidh údarás réitigh an CPL iad in iúl don CPL.

Airteagal 26

Dul i gcomhairle leis an CPL agus an tuarascáil a chur in iúl dó

1. Ullmhóidh údarás réitigh an CPL dréacht-tuarascáil maidir le baic ábhartha ar inréiteacht i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/23 agus tarchuirfidh sé í chuig údarás inniúil an CPL agus chuig ESMA.

2. Déanfaidh údarás réitigh an CPL breithniú ar bharúlacha agus ar thuairimí a fhaightear maidir leis an dréacht-tuarascáil chun an tuarascáil a thabhairt chun críche.

3. Tar éis an tuarascáil a thabhairt chun críche, cuirfear an tuarascáil ar fáil don CPL agus don choláiste réitigh.

4. Cuirfidh údarás réitigh an CPL in iúl don choláiste réitigh tús na tréimhse ceithre mhí de bhun Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23 ionas gur féidir leis an CPL bearta a mholadh chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht.

Airteagal 27

Barúlacha an CPL a chur isteach agus dul i gcomhairle leis na húdaráis

1. I gcás ina molann an CPL d'údarás réitigh an CPL, laistigh de 4 mhí tar éis an tuarascáil a fháil i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23, bearta malartacha chun na baic ábhartha ar inréiteacht a leigheas, cuirfidh údarás réitigh an CPL na bearta sin ar aghaidh chuig comhaltaí agus breathnóirí eile an choláiste réitigh gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá oibre.

2. Agus na bearta malartacha a chuir an CPL isteach á scaipeadh ag údarás réitigh an CPL, leagfaidh sé síos sprioc-am do chomhaltaí an choláiste réitigh chun barúlacha a chur isteach.

3. I gcás nach gcuireann comhaltaí an choláiste réitigh a mbarúlacha isteach faoin sprioc-am dá dtagraítear i mír 2, glacfaidh údarás réitigh an CPL leis nach bhfuil aon bharúil ag na comhaltaí sin maidir leis na bearta malartacha a chuir an CPL isteach agus rachaidh sé ar aghaidh dá réir sin.

4. Scaipfidh údarás réitigh an CPL, gan moill mhíchuí, aon bharúil a chuir comhalta den choláiste réitigh isteach ar gach comhalta eile den choláiste réitigh agus pléifidh sé leo na bearta molta a chuir an CPL isteach chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht.

5. Déanfaidh údarás réitigh an CPL agus comhaltaí an choláiste réitigh plé agus breithniú cuí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta molta ar an CPL, ar na Ballstáit uile ina bhfeidhmíonn an CPL, agus ar an Aontas ina iomláine.

Airteagal 28

Cinntí comhpháirteacha a dhréachtú maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint

1. Ullmhóidh údarás réitigh an CPL, agus toradh an idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 27(5) den Rialachán seo á chur san áireamh, dréachtchinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint.

2. Leagfar amach i ngach dréachtchinneadh comhpháirteach gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ainm an CPL lena mbaineann an cinneadh comhpháirteach agus a bhfuil feidhm aige maidir leis;

(b) ainmneacha údarás réitigh an CPL agus chomhaltaí an choláiste réitigh a dhéanann an cinneadh comhpháirteach;

(c) ainmneacha na mbreathnóirí i gcás ina raibh na breathnóirí sin rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta comhpháirtí i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht breathnóirí mar a leagtar amach i socruithe agus nósanna imeachta i scríbhinn de chuid an choláiste réitigh;

(d) achoimre ar na tuairimí arna gcur in iúl ag na húdaráis a ndeachthas i gcomhairle leo sa phróiseas cinnteoireachta comhpháirtí;

(e) tagairtí do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le hullmhú, tabhairt chun críche agus cur i bhfeidhm an chinnidh chomhpháirtigh;

(f) dáta an chinnidh chomhpháirtigh;

(g) sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht;

(h) an measúnú ar na bearta a mhol an CPL de bhun Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2021/23;

(i) na bearta a shainaithnítear de bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2021/23, agus a liostaítear in Airteagal 16(7) den Rialachán sin, arna gcomhaontú ag údarás réitigh an CPL agus comhaltaí an choláiste réitigh mar aon leis an tréimhse ama ar lena linn a bheidh ar na heintitis faoi seach aghaidh a thabhairt ar na bearta sin;

(j) i gcás nach nglacann údarás réitigh an CPL leis na bearta arna moladh ag an CPL nó i gcás ina nglacann sé leo go páirteach, míniú ar an gcaoi a meastar nach bhfuil na bearta arna moladh ag an CPL oiriúnach chun na baic ábhartha ar inréiteacht a bhaint agus ar an gcaoi a laghdófaí na baic sin nó ar an gcaoi a mbainfí iad mar gheall ar na bearta dá dtagraítear i bpointe (i).

Airteagal 29

Teacht ar chinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint

1. Seolfaidh údarás réitigh an CPL dréachtchinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir leis na bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint mar a thuairiscítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23, chuig comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh gan moill mhíchuí, agus leagfaidh sé síos sprioc-am do chomhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála acu chun a gcomhaontú i scríbhinn leis na cinntí comhpháirteacha sin a chur ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Rialachán seo.

2. Maidir le comhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála acu nach n-easaontaíonn leis na dréachtchinntí comhpháirteacha, tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh siad a gcomhaontú i scríbhinn a tharchur chuig údarás réitigh an CPL laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i mír 1.

3. Is éard a bheidh i ngach cinneadh comhpháirteach críochnaitheach doiciméad an chinnidh chomhpháirtigh arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo, na comhaontuithe i scríbhinn dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus comhaontú údarás réitigh an CPL. Cuirfear ar fáil é do gach comhalta den choláiste réiteach.

4. Na cinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin agus chun iad a bhaint, cuirfidh údarás réitigh an CPL iad in iúl do chomhaltaí an choláiste réitigh.

Airteagal 30

Cur in iúl na gcinntí comhpháirteacha don CPL maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint

1. Déanfaidh údarás réitigh an CPL na cinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint a chur in iúl do chomhlacht bainistíochta an CPL go tráthúil agus, in aon chás, faoin sprioc-am a leagtar síos sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun na baic ábhartha a shainaithint. Cuirfidh údarás réitigh an CPL comhaltaí agus breathnóirí an choláiste réitigh ar an eolas faoin gcumarsáid sin.

2. I gcás ina ndírítear roinnt de na bearta a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 16(7) de Rialachán (AE) 2021/23 ar eintitis seachas an CPL, áiritheoidh údarás réitigh an CPL go ndéanfaidh sé, nó údaráis inniúla na n-eintiteas sin, na codanna faoi seach den chinneadh comhpháirteach maidir le bearta chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht a chur ar fáil do chomhlachtaí bainistíochta na n-eintiteas faoina ndlínse, go tráthúil agus, in aon chás, faoin sprioc-am a leagtar síos sa tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí chun baic ábhartha a shainaithint.

3. I gcás inar gá, féadfaidh údarás réitigh an CPL mionsonraí a phlé leis an CPL i dtaca le hábhar agus cur i bhfeidhm na gcinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint mar a thuairiscítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/23.

Airteagal 31

Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcinntí comhpháirteacha

1. Déanfaidh údarás réitigh an CPL toradh an idirphlé, más ann dó, dá dtagraítear in Airteagal 30(3) den Rialachán seo, a chur in iúl don choláiste réitigh.

2. Déanfaidh údarás réitigh an CPL toradh an idirphlé, más ann dó, dá dtagraítear in Airteagal 30(2) den Rialachán seo a chur in iúl d'údarás réitigh aon CPL eile, d'údarás réitigh aon taisclainne lárnaí urrús nó d'údarás réitigh aon institiúide creidmheasa ar cuid den ghrúpa céanna iad nó a bhfuil nasc idir-inoibritheachta ag an CPL leo.

3. Déanfaidh údarás réitigh an CPL agus, i gcás inarb ábhartha, comhaltaí an choláiste réitigh, faireachán ar chur i bhfeidhm na gcinntí comhpháirteacha maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint, ar cinntí iad atá ábhartha maidir le gach ceann de na heintitis dá dtagraítear i mír 2 a bhfuil siad freagrach astu faoi seach, de réir mar a bheidh.

Airteagal 32

An próiseas in éagmais cinneadh comhpháirteach maidir le bearta chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht

In éagmais cinneadh comhpháirteach maidir le bearta chun dul i ngleic le baic ábhartha ar inréiteacht dá dtagraítear in Airteagal 17(8) de Rialachán (AE) 2021/23, déanfar an cinneadh a dhéanfaidh údarás réitigh an CPL a chur in iúl i scríbhinn gan moill mhíchuí don choláiste réitigh trí bhíthin doiciméad ina mbeidh gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) ainm údarás réitigh an CPL a dhéanann an cinneadh;

(b) ainm an CPL agus na n-eintiteas lena mbaineann an cinneadh agus a bhfuil feidhm aige maidir leo;

(c) tagairtí do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta is infheidhme a bhaineann le hullmhú, tabhairt chun críche agus cur i bhfeidhm an chinnidh;

(d) dáta an chinnidh;

(e) sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht;

(f) na bearta a shainaithnítear de bhun Airteagal 16(7) de Rialachán (AE) 2021/23 arna gcinneadh ag údarás réitigh an CPL agus an sprioc-am faoina dtabharfar aghaidh ar na bearta sin;

(g) i gcás nach nglacann údarás réitigh an CPL leis na bearta arna moladh ag an CPL nó i gcás ina nglacann sé leo go páirteach, míniú ar an gcaoi a meastar nach bhfuil na bearta arna moladh ag an CPL oiriúnach chun na baic ábhartha ar inréiteacht a bhaint agus ar an gcaoi a laghdófaí na baic ábhartha ar inréiteacht nó ar an gcaoi a mbainfí iad mar gheall ar na bearta a leagtar amach i bpointe (f) den mhír seo;

(h) ainmneacha chomhaltaí an choláiste réitigh a bhfuil baint acu le próiseas an chinnidh chomhpháirtigh maidir le sainaithint na mbac ábhartha ar inréiteacht agus maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic sin nó chun iad a bhaint, mar aon le hachoimre ar na tuairimí a chuir na comhaltaí sin in iúl agus faisnéis maidir leis na saincheisteanna is cúis le heasaontas;

(i) barúlacha údarás réitigh an CPL maidir leis na tuairimí a chuir comhaltaí an choláiste réitigh in iúl, go háirithe maidir le saincheisteanna is cúis le heasaontas;

(j) an fhéidearthacht atá ag aon chomhalta den choláiste réitigh a bhfuil cearta vótála aige na saincheisteanna sin a tharchur chuig ESMA i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 33

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN